AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Imlitir 0039/2012**

**Chuig Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Foireann Teagaisc Bhunscoileanna**

**FÉINMHEASTÓIREACHT SCOILE A CHUR I BHFEIDHM**

## Achoimre

San imlitir seo

- Leagtar amach cén fáth go bhfuil an fhéinmheastóireacht scoile tábhachtach
- Tugtar cur síos ar phróiseas na féinmheastóireachta scoile
- Mínítear aidhm na féinmheastóireachta scoile
- Moltar conas ba chóir am a dháileadh ar an bhféinmheastóireacht
- Léirítear na gníomhaíochtaí atá de dhíth agus na spriocanna a bhfuiltear ag súil go mbainfidh scoileanna amach
- Léirítear an tacaíocht atá ar fáil do scoileanna don fhéinmheastóireacht scoile.

***Cuir an imlitir seo ar a súile don fhoireann teagaisc ar fad agus d'fhoireann chuí eile agus do bhaill uile bhord bainistíochta na scoile, led' thoil.***

## 1. CÉN FÁTH GO BHFUIL AN FHÉINMHEASTÓIREACHT SCOILE TÁBHACHTACH?

Déanann múinteoirí athmhachnamh go minic ar a gcuid oibre agus ar an bhfoghlaim a bhaineann a scoláirí amach. Le blianta fada anuas, d'úsáid múinteoirí agus boird bhainistíochta scoile an próiseas um phleanáil forbartha scoile chun a aithint cad atá ag obair go maith ina scoileanna agus cad a d'fhéadfaí a fheabhsú.

**Bealach is ea an fhéinmheastóireacht scoile inar féidir an próiseas athmhachnaimh, feabhsúcháin agus forbartha seo a bheith ann i gcaoi níos córasaí.**

Tá sé léirithe ag múinteoirí in Éirinn agus i neart tíortha eile gur féidir leo, trí athmhachnamh a dhéanamh ar a gcleachtas go rialta, feabhas a chur ar an bhfoghlaim a dhéanann a ndaltaí. Tarlaíonn sé seo nuair a dhíríonn an fhéinmheastóireacht scoile ar a bhfuil ag tarlúint sna seomraí ranga.

**Tá ar na scoileanna uile gabháil don fhéinmheastóireacht scoile chórasach ón scoilbhliain 2012/13 ar aghaidh.**

Comhlánaíonn tabhairt isteach na féinmheastóireachta scoile córasaí cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta.

## 2. PRÓISEAS NA FÉINMHEASTÓIREACHTA SCOILE

Próiseas comhoibríoch, athmhachnamhach d'athbhreithniú inmheánach scoile is ea féinmheastóireacht scoile (FMS) ina ngabhann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus na múinteoirí, faoi stiúr an bhoird bhainistíochta agus an phátrúin, agus i gcomhairle le tuismitheoirí agus le daltaí, d'fhiosrú athmhachnamhach ar obair na scoile.

Éilíonn an próiseas ar scoileanna **fianaise a bhailiú** faoi chleachtais teagaisc agus foghlama, **anailís a dhéanamh** ar an bhfianaise agus athmhachnamh a dhéanamh ar na torthaí chun teacht ar chinntí agus chun **breithiúnais** a dhéanamh faoina mbuanna agus a laigí.

Ní mór próiseas na féinmheastóireachta scoile agus an plean feabhsúcháin scoile a bheith á dtreorú ag eolas measúnaithe, lena n-áirítear eolas faoin litearthacht agus faoin uimhearthacht, agus foirmeacha eile fianaise, ar nós tuairimí na ndaltaí agus a rannpháirtíocht san fhoghlaim agus i saol na scoile.

Déanfaidh an scoil taifeadadh ar a breithiúnas féin maidir lena cuid feidhmíochta agus maidir le cáilíocht a cuid oibre i bhfoirm **tuairisce féinmheastóireachta scoile** atá beacht. Ba chóir go gcuirfí achoimre ar an tuairisc seo ar fáil don phobal scoile uile.

Mar thoradh ar phróiseas na féinmheastóireachta scoile ba chóir do gach scoil **plean feabhsúcháin scoile** gairid a chruthú. Ba chóir go gcuirfeadh an plean san áireamh spriocanna sainiúla intomhaiste chun torthaí a fheabhsú d'fhoghlaimeoirí. Ba chóir go mbeadh an plean seo mar threoir d'fheabhsú ar ghníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama sa scoil. Ba chóir go gcuirfeadh scoileanna achoimre ar an bplean feabhsúcháin scoile ar fáil don phobal scoile uile.

## 3. CUSPÓIR NA FÉINMHEASTÓIREACHTA SCOILE

Láraidhm na féinmheastóireachta scoile is ea cáilíocht fhoriomlán an oideachais sa scoil a fheabhsú agus, ach go háirithe, torthaí foghlama a fheabhsú do dhaltaí. D'fhonn é seo a bhaint amach, ba chóir go mbeadh an fhéinmheastóireacht scoile mar chuid dhílis den chleachtas scoile uile agus sa seomra ranga agus go ndíreodh sí ar theagasc agus ar fhoghlaim.

Cuideoidh féinmheastóireacht scoile le múinteoirí feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama i ngnéithe uile an churaclaim. Iarrtar ar scoileanna díriú ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama sa litearthacht agus san uimhearthacht agus, de réir a chéile, i réimsí curaclaim eile. Nuair atá buanna agus réimsí ina bhfuil laigí aitheanta, ba chóir spriocanna a leagan síos chun torthaí do dhaltaí a fheabhsú. Cuideoidh sé seo le scoileanna plean feabhsúcháin scoile trí bliana a chumadh. Tabharfaidh an plean cuidiú agus treoir do mhúinteoirí, agus feabhsúcháin á gcur i bhfeidhm acu i ngach réimse curaclaim.

## 4. AM D'FHÉINMHEASTÓIREACHT SCOILE

Le tamall de bhlianta anuas, tá am dáilithe ag scoileanna chun ligean do mhúinteoirí agus príomhoidí gabháil don phleanáil forbartha scoile. Le blianta beaga anuas chuir Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh) uaireanta breise ar fáil don obair seo. Tá fócas ar leith curtha ag neart scoileanna ar athbhreithniú agus ar fheabhsú ar a gcleachtas sa litearthacht agus san uimhearthacht laistigh dá n-obair phleanála ó foilsíodh an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta. Le cur i bhfeidhm na féinmheastóireachta scoile comhlánófar an obair seo agus cuideofar lena comhtháthú.

D'fhonn a chinntiú go bhfuil dóthain ama ar fáil d'fhéinmheastóireacht scoile, ba chóir do phríomhoidí:

- a chinntiú go bhfuil an fhéinmheastóireacht scoile mar chuid dhílis dá gcuid ama um phleanáil forbartha scoile.
- a chinntiú go gcuirtear am pleanála ar fáil chun rannpháirtíocht na foirne uile san fhéinmheastóireacht scoile a cheadú

Ba chóir go gcuideodh féinmheastóireacht scoile le múinteoirí díriú ar athbhreithniú a dhéanamh ar, agus feabhas a chur ar, an mbealach ina múineann siad agus ina bhfoghlaimíonn daltaí, murab ionann agus díriú ar cháipéisíocht a chruthú.

## 5. FÉINMHEASTÓIREACHT SCOILE: AN CHÉAD TIMTHRIALL, 2012-2016

***Ó 2012/13, éilítear ar scoileanna gabháil d'fhéinmheastóireacht láidir scoile.*** Ba chóir cur chuige scoile uile a ghlacadh i leith na féinmheastóireachta ar theagasc agus ar fhoghlaim, an litearthacht agus an uimhearthacht san áireamh.

I gcoitinne ba chóir do scoileanna gabháil don fhéinmheastóireacht scoile ar theagasc agus ar fhoghlaim i réimse curaclaim amháin gach bliain. Mar sin féin, aithnítear go bhféadfadh an próiseas níos mó ama a ghlacadh sna céimeanna tosaigh.

***Thar tréimhse ceithre bliana ó 2012 ba chóir do na bunscoileanna uile gabháil d'fhéinmheastóireacht scoile agus pleananna feabhsúcháin trí bliana a chruthú don uimhearthacht[1], don litearthacht[2] agus do réimse curaclaim amháin.***

Ba chóir do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla gabháil don bhféinmheastóireacht ar an litearthacht sa Bhéarla, san uimhearthacht agus i réimse curaclaim amháin sa chéad tréimhse ceithre bliana. Ba chóir do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge gabháil don bhféinmheastóireacht ar an litearthacht sa Ghaeilge, ar an litearthacht sa Bhéarla agus ar an uimhearthacht sa chéad tréimhse ceithre bliana.

Sa scoilbhliain 2012/13, ba chóir do scoileanna tús a chur le próiseas na féinmheastóireachta scoile. Ba chóir dóibh an litearthacht *nó* an uimhearthacht a roghnú mar réimse fócais d'fhéinmheastóireacht scoile.

Ba chóir don scoil cur chuige scoile uile a ghlacadh maidir leis an réimse a roghnaítear don fhéinmheastóireacht a fheabhsú. Gach bliain, déanann an fhoireann teagaisc:

- féinmheastóireacht ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil sa réimse a roghnaíodh (litearthacht, uimhearthacht, réimse curaclaim eile)
- tuairisc fhéinmheastóireachta a chur i gcrích a ainmníonn buanna agus réimsí forbartha sa réimse a roghnaíodh
- plean feabhsúcháin scoile trí bliana a cheapadh don réimse a roghnaíodh, a chuirtear san áireamh mar chuid den phlean scoile foriomlán
- tús a chur leis na straitéisí a luaitear sa phlean feabhsúcháin scoile a chur i bhfeidhm
- monatóireacht ar fheidhmiú an phlean feabhsúcháin scoile a cuireadh i gcrích sa scoilbhliain roimhe sin.

D'fhéadfadh próiseas na féinmheastóireachta scoile a bheith níos moille sna céimeanna tosaigh. B'fhéidir go mbeadh an tuairisc fhéinmheastóireachta críochnaithe ag scoil, plean feabhsúcháin scoile cumtha agus tús curtha le feidhmiú i 2012/13 nó b'fhéidir nach mbeidh ach an plean feabhsúcháin scoile críochnaithe acu faoi dheireadh 2012/13 agus tús curtha le feidhmiú agus monatóireacht an phlean i 2013/14. A luaithe agus a bhíonn an tuairisc fhéinmheastóireacht scoile críochnaithe agus an plean feabhsúcháin scoile cumtha, agus tráth nach déanaí ná deireadh na scoilbhliana 2013/14, ba chóir go ndéanfadh an bord bainistíochta socruithe chun tuairisc fhéinmheastóireachta scoile achomair agus plean feabhsúcháin scoile achomair a ullmhú agus ba chóir dó iad seo a chur ar fáil don phobal scoile uile.

---

[1] Clúdaíonn uimhearthacht an cumas chun tuiscint agus scileanna matamaitice a úsáid d'fhonn fadhbanna a réiteach agus d'fhonn freagairt do na héilimh a bhaineann leis an saol laethúil i gcomhthéacsanna sóisialta casta.

[2] Clúdaíonn litearthacht an cumas chun cineálacha éagsúla cumarsáide – lena n-áirítear an teanga labhartha, téacs clóite, meáin chraolta agus meáin dhigiteacha – a léamh agus a thuiscint agus léirthuiscint chriticiúil a bheith orthu. D'fhoghlaimeoirí i scoileanna agus suíomhanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, is éard atá le tuiscint go príomha le litearthacht ná litearthacht i mBéarla. I gcás na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, is éard atá le tuiscint le litearthacht ná Gaeilge mar chéad teanga na scoile agus Béarla araon.

A luaithe agus is féidir sa scoilbhliain 2013/14, ba chóir do scoileanna tús a chur le feidhmiú an phlean feabhsúcháin scoile trí bliana a forbraíodh sa scoilbhliain roimhe sin (nó leanúint den bhfeidhmiú má tá tús curtha leis seo cheana féin). Ba chóir dóibh ansin litearthacht *nó* uimhearthacht a roghnú mar an dara réimse fócais don bhféinmheastóireacht scoile (más í an litearthacht a bhí i gceist sa chéad réimse, is í an uimhearthacht a bheidh ann sa dara réimse fócais). Leanfaidh siad próiseas cosúil leis an gceann a bhí ann sa bhliain roimhe sin.

Nuair atá pleananna feabhsúcháin scoile trí bliana don litearthacht agus don uimhearthacht críochnaithe agus á gcur i bhfeidhm agus faoi mhonatóireacht, agus tráth nach déanaí ná tús na scoilbhliana 2015/16, ba chóir do scoileanna gabháil d’fhéinmheastóireacht scoile ar réimsí curaclaim eile. Ba chóir dóibh próiseas a leanúint atá cosúil leo siúd a leanadh i mblianta roimhe sin.

## 6. FÉINMHEASTÓIREACHT SCOILE I SCOILEANNA DEIS

Tá iallach ar gach scoil, scoileanna DEIS san áireamh, dul i ngleic le féinmheastóireacht scoile ó 2012/13 ar aghaidh. Iarrtar ar scoileanna laistigh den chlár DEIS pleananna feabhsúcháin scoile (ar a dtugtar pleananna gníomhaíochta DEIS) a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar chuid de DEIS ó 2006/07 i leith. Ba chóir do scoileanna DEIS leanúint de phleananna gníomhaíochta DEIS d'fheabhsúchán a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'fhonn na riachtanais phleanála agus tuairiscithe do DEIS a shásamh. Faoi mar atá sé leagtha amach do na scoileanna uile, cabhróidh próiseas na féinmheastóireachta scoile le scoileanna DEIS breithiúnais eolacha a dhéanamh maidir lena gcleachtas agus maidir leis na réimsí ina bhfuil gá le feabhsú.

Go minic, dhírigh na pleananna gníomhaíochta a forbraíodh i scoileanna DEIS ar athbhreithniú agus ar fheabhsú sa litearthacht agus san uimhearthacht. I scoileanna ina bhfuil athbhreithniú agus pleanáil d'fheabhsúchán críochnúil ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht críochnaithe agus cláraithe cheana féin, ba chóir don scoil leanúint den bhfócas ar mhonatóireacht agus ar chur i bhfeidhm na bpleananna gníomhaíochta atá forbartha go dtí seo. I scoileanna dá leithéid, de réir mar a fhorbrófar próiseas na féinmheastóireachta scoile ar bhonn leanúnach, d’fhéadfaí an fócas a athdhíriú ar theagasc agus ar fhoghlaim i réimsí eile seachas litearthacht agus uimhearthacht.

## 7. TACAÍOCHT D’FHÉINMHEASTÓIREACHT SCOILE

D’fhonn cuidiú le scoileanna gabháil do phróiseas na féinmheastóireacht scoile, tá roinnt tacaí curtha ar bun.

### 7.1 Treoirlínte

D’ullmhaigh an Chigireacht *Réamhrá don Fhéinmheastóireacht Scoile ar Theagasc agus ar Fhoghlaim i mBunscoileanna* atá ar fáil ar www.schoolself-evaluation.ie.

Tá treoirlínte ullmhaithe ag an gCigireacht freisin chun tacú le próiseas na féinmheastóireachta scoile. Tá *Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte do Bhunscoileanna* ar fáil ar www.schoolself-evaluation.ie.

Sna Treoirlínte tá creat chun meastóireacht a dhéanamh ar theagasc agus ar fhoghlaim, chomh maith le critéir agus ráitis cháilíochta chun cuidiú le scoileanna breithiúnais a dhéanamh faoi cháilíocht a gcuid oibre féin. Tá uirlisí samplacha ann freisin chun cuidiú le scoileanna fianaise a bhailiú agus breithiúnais a dhéanamh.

Cuirtear teimpléad do thuairisc fhéinmheastóireachta scoile agus teimpléad do phlean feabhsúcháin scoile ar fáil sna Treoirlínte. Tá seicliosta san áireamh freisin chun cuidiú le scoileanna a gcomhlíonadh le riachtanais reachtaíochta agus reachtúla a scrúdú. Ba chóir do bhoird bhainistíochta an seicliosta seo a líonadh isteach uair sa bhliain.

### 7.2 Tacaíocht scoile

Cuirfidh an Chigireacht agus baill den tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) tacaíocht ar fáil do scoileanna i réimse na féinmheastóireachta scoile. Tá sé beartaithe go gcuideoidh an tacaíocht seo le scoileanna a dtuiscint a fhorbairt ar fhéinmheastóireacht scoile.

D'fhonn cuidiú leis an bhfoireann teagaisc ar fad freastal ar sheisiúin tacaíochta, moltar do scoileanna cuid den am breise atá ar fáil faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh a chur ar fáil d'fhéinmheastóireacht scoile. Cuideoidh sé seo le léirithe faoi fhéinmheastóireacht scoile a dhéanamh agus le ceisteanna agus fiosruithe a fhreagairt.

Cuimseoidh an tacaíocht seo seimineáir ag díriú ar fhéinmheastóireacht ar an litearthacht, ar an uimhearthacht agus ar réimsí curaclaim eile/gnéithe den teagasc agus den fhoghlaim faoi réir an chreata FMS atá sna Treoirlínte atá forbartha ag an gCigireacht.

Tá sé beartaithe an tacaíocht seo a sholáthar do scoileanna thar tréimhse na scoilbhliana 2012-13 agus na scoilbhliana 2013-14.

### 7.3 Tacaíocht ar líne

Cuirfear tacaíocht gréasán-bhunaithe d'fhéinmheastóireacht scoile ar fáil freisin. Déanfar réimse na n-ábhar agus na tacaíochta ar líne a fhorbairt agus a fhás de réir a chéile. Cuimseoidh an tacaíocht:

- Leaganacha leictreonacha de na Treoirlínte, a chuimsíonn an creat cáilíochta, na critéir mheastóireachta, na ráitis cháilíochta agus na huirlisí, chun cuidiú le scoileanna na codanna a bhaineann lena riachtanais reatha a rochtain
- Léirithe PowerPoint a mhíníonn aidhm agus próiseas na féinmheastóireachta scoile, a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do cheannairí scoile ag cruinnithe foirne nó ag cruinnithe grúpa
- Gearrthóga beaga físe chun gnéithe ar leith den fhéinmheastóireacht scoile a léiriú
- Ábhair fhéinmheastóireachta scoile cruthaithe ag scoileanna, atá sásta iad a chomhroinnt le daoine eile.

## 8. FIOSRÚCHÁIN AR AN IMLITIR SEO

**Is féidir fiosrúcháin ar an imlitir seo a chur i ríomhphost chuig an gCigireacht:**

SSE_Feedback@education.gov.ie

Hubert Loftus
Príomhoifigeach
An tAonad Polasaí agus Rialachas Scoileanna.